



Bainisteoir um Sheachadadh Seirbhíse TFC

Próifíl an Róil

A. Sonraí

Post:	Bainisteoir um Sheachadadh Seirbhíse TFC
Grád	Ardoifigeach Feidhmiúcháin
Coibhéis lánaimseartha	1 CL (35 uair in aghaidh na seachtaine)
Ag tuairisciú do:	An Stiúrthóir TFC nó duine eile a shainefar ó am go ham.
Fad:	Buan

B. Forbhreathnú ar an Roinn agus ar Ról

Oibríonn beagán os cionn 100 duine leis an gComhairle Ealaíon in aon suíomh amháin i gCearnóg Mhuirfean i mBaile Átha Cliath. Is comhlacht neamhspleách í an Chomhairle Ealaíon, a bunaíodh in 1951 chun cleachtadh na n-ealaíon a spreagadh agus spéis, eolas agus léirthuisicint i leith na n-ealaíon a spreagadh i measc an phobail. Is muidne príomhghníomhaireacht stát na hÉireann maidir le maoiniú na n-ealaíon, agus comhairle a chur ar an Rialtas faoi ghnóthaí ealaíne. Le haghaidh tuilleadh eolais ar obair na Comhairle téigh chuig www.artscouncil.ie

C. Príomhfhreagrachtaí

Áirítear leis na dualgais a bhaineann leis an bpost seo, cé nach liosta uileghabhálach é seo:

- Cabhrú le forbairt agus forfheidhmiú leanúnach Straitéis TFC na Comhairle Ealaíon;
- Soláthróirí a bhainistiú de réir Comhaontuithe Seirbhíse;
- Clár oibre éifeachtach a phleanáil agus a sceidealú don fhoireann TFC intí a thacaíonn le gnó na heagraíochta;
- Ceannaireacht éifeachtach a chur ar fáil d'fhoireann speisialtóirí TF ag cinntiú go ndírítear ar fheabhsú leanúnach agus seachadadh seirbhíse;
- Réitigh feidhme gnó ceann go ceann agus réitigh bhonneagair agus oibríochtaí a fhorbairt agus tacú leo, thar shraith leathan teicneolaíochtaí ceannródaíocha lena n-áirítear bainistiú próiseas gnó, tuairisciú, idirphlé agus réitigh éirim ghnó;
- Cáipéisíocht theicniúil chuimsitheach a bhainistiú agus a chothabháil;
- Tionscadail TFC a bhainistiú leis an bhfoireann inmheánach agus le soláthróirí seachtracha;
- Bainistiú díoltóra agus conartha a bhainistiú lena n-áirítear soláthar.
- Oibriú le Maoirseoir na Deisce Cabhraí TFC chun an deasc freastail a bhainistiú go héifeachtach lena chinntiú go n-éireoidh leis an bhfoireann TFC agus leis na soláthróirí déileáil le gach ticéad tacaíochta;

- Oibriú leis an Stiúrthóir atá freagrach as TFC chun rioscaí a shainaithint agus a bhainistiú i réimse an TFC;
- Beartais agus nósanna imeachta TF a fhorbairt agus a áirithiú go bhfuil na beartais agus na nósanna imeachta riachtanacha forbartha agus i bhfeidhm, go háirithe iad siúd a bhaineann le cibearshlándáil;
- Athrú a chomhordú agus a bhainistiú agus gníomhaíochtaí bainistíochta ó sholáthróirí a sheoladh;
- Leanúnachas Gnó agus plean(anna) Athshlánaithe ó Thubaiste a bhainistiú agus a thástáil agus le haghaidh príomhchórais;
- Spriocanna TF agus PTFanna a bhunú, a thomhas agus a shainmhíniú agus treochlár TF a choinneáil;
- Slándáil, rochtain agus feidhmíocht na líonra agus na gcóras a bhainistiú;
- An cumas chun faisnéis theicniúil a léamh, a thuiscint agus a chur in iúl;
- Cruinneas láidir maidir le mionrudaí agus maidir le prionsabail bainistíochta tionscadail;
- Aon dualgais eile a d'fhéadfaí a shannadh ó am go chéile.

D. Scileanna, Eolas agus Eispéiris

- Cáilíocht Leibhéal 7 ar a laghad i ndisciplín ábhartha E.T.I.M. (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Matamaitic) **agus** taithí phraiticiúil trí bliana a bhaineann go díreach le TFC **agus** eolas maith ar Microsoft Windows. Taithí ar bheith ag obair ar ardán néal-bunaithe de chuid MS Dynamics 365 (nó ar theicneolaíocht chomhchosúil).
nó
- taithí phraiticiúil cúig bliana i réimse Forbartha Feidhmchláir in TFC, nó Bainistiú Bonneagair **agus** eolas maith ar Microsoft Windows
le
- a) cáilíocht Leibhéal 6 ar a laghad i ndisciplín S.T.E.M. (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Matamaitic) ábhartha
nó
- b) dhá Theastas Ghairmiúla ar a laghad i réimse ábhartha den TFC
- Tiomantas d'ardchaighdeán seirbhíse poiblí;
- Go hidéalach, bheadh Gaeilge, le scileanna labhartha agus scríofa, ag an duine, cé nach bhfuil sé seo riachtanach amach is amach don phost.

Scileanna agus Taithí Bhreise (inmhianta, ach níl siad riachtanach):

Bheadh sé de bhuntáiste ag iarrthóirí dá mbeadh eolas acu ar cheann díobh seo a leanas nó ar gach ceann díobh:

- Leabharlann um Bonneagar Teicneolaíocht Faisnéise (I.T.I.L.);
- NIST CSF, ISO27001 nó Creata Cibearshlándála dá Shórt;
- Taithí ar bhainistíocht a dhéanamh ar fhreastalaithe néal-óstáilte agus áitribh, ar líonraí limistéar stórála (SAN), agus ar ghléasanna stórais líonra-cheangailte (NAS);
- Taithí ar tháirgí Microsoft 365 go háirithe Power BI agus Dynamics 365;
- Eolas oibre ar fhreastalaí Microsoft SQL agus ar Oracle.